Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

# COMHDHLÚTHAIGH AGUS CUIR IN IÚL



# RÁITEAS STRAITÉISE

## 2022 - 2024

# Clár na n-Ábhar

**Brollach an Rialálaí** ........ **3**

**1. Réamhrá** ........ **5**

*Iompar Tomhaltóirí* ........ *6*

*Forbairt na Teicneolaíochta* ........ *6*

*Comhthéacs Sóisialta* ........ *6*

*Comhthéacs Rialála* ........ *6*

*Straitéisí Spriocdhírithe* ........ *7*

**2. Maidir le hOifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta** ........ **10**

**3. Spriocanna Straitéiseacha** ........ **12**

*Sprioc 1: Go reáchtálfar an Crannchur Náisiúnta de réir gach cuibheas cuí* ........ *13*

*Sprioc 2: Go gcosnófar leasanna na rannpháirtithe* ........ *15*

*Sprioc 3: Go ndéanfar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint* ........ *18*

*Sprioc 4: Uasmhéadaítear cistí i leith cúiseanna maithe* ........ *20*

*Sprioc 5: Baineann Rialachas na hOifige dea-chleachtas agus luach ar airgead amach* ........ *21*

**4. Acmhainní** ........ **23**

*Acmhainní Airgeadais* ........ *23*

*Pearsanra agus Comhairleoirí* ........ *24*

**Aguisín: Cearta Daonna agus Comhionannas** ........ **25**

# Brollach an Rialálaí




Sna chéad seacht mbliana ó bhunú Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (ORCN), tharla athrú agus dul chun cinn ollmhór ar oibriú agus ar rialáil an Chrannchuir Náisiúnta. Rinneadh córas cuimsitheach um maoirseacht rialála a bhunú agus tá an raon iomlán uirlisí atá ar fáil don Rialálaí curtha i bhfeidhm. Bhí fás leanúnach ann maidir le torthaí i leith cúiseanna maithe le linn na tréimhse agus fonn méadaithe ar an bpobal tuiscint níos fearr a fháil ar an dóigh a n-oibrítear agus a rialaítear an Crannchur Náisiúnta.

Rinne an cur isteach gan fasach de bharr éigeandáil Covid-19 rialuithe agus straitéisí an ORCN a thástáil agus níor tháinig aon chlis orthu. Threoraigh ár spriocanna straitéiseacha muid trí thréimhse nach raibh a fhios againn cad é a bhí romhainn maidir leis na saincheisteanna práinneacha, nuálacha agus casta a cruthaíodh leis an bpaindéim. Cuireadh cosaintí sonracha a bhaineann leis an bpaindéim i bhfeidhm d’imreoirí agus bhí an Crannchur Náisiúnta athléimneach i gcónaí i rith 2020 agus 2021 agus coinníodh na torthaí i leith cúiseanna maithe. Ba mhaith liom ómós a thabhairt don tsárobair atá déanta ag foireann ORCN le linn an ama sin, arbh bhuí lena solúbthacht agus lena diongbháilteacht go bhféadfaí é sin a dhéanamh.

Is cinnte go ndéanfar níos mó athruithe sa tréimhse amach romhainn. Tá tionchar fadtéarmach phaindéim Covid-19 ar an dóigh a bpléann tomhaltóirí le táirgí agus seirbhísí, an dóigh a n-íocann siad astu agus a n-úsáideann siad iad le feiceáil go fóill, ach tá timpeallacht na dtomhaltóirí agus na teicneolaíochta ina bhfeidhmíonn an Crannchur Náisiúnta ag athrú go tapa fós. Ag an am céanna, chuathas i bhfeidhm freisin ar dhearcadh an phobail maidir leis an gCrannchur Náisiúnta de réir a ndearcthaí ar a bhunús agus a úinéireacht, ar a rialáil, agus ar ábhair imní faoi cearrbhachas fadhbach sa tsochaí. Le díospóireacht atá le teacht ar reachtaíocht chun an earnáil chearrbhachais a athrialú tarraingeofar aird ar an dóigh a ndíoltar agus a rialaítear táirgí an Chrannchuir Náisiúnta. Sa tréimhse sin, déanfaimid an córas maoirseachta rialála a bunaíodh a chomhdhlúthú agus a fhorbairt.

Agus í ag ullmhú do thréimhse na Straitéise seo, d’iarr an ORCN aiseolas ó pháirtithe leasmhara – a bailíodh go neamhspleách – faoin dóigh a ndéanann an ORCN cumarsáid lena páirtithe leasmhara: imreoirí agus rannpháirtithe, gníomhairí miondíola crannchuir, an t-oibreoir, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, saineolaithe tionscail, agus na meáin. Ba léir gur theastaigh tuilleadh eolais ó na páirtithe leasmhara go léir faoi rialáil an Chrannchuir Náisiúnta, atá níos éasca le teacht air agus i bhformáidí atá éasca a thuiscint. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a thug a gcuid ama chun cuidiú linn maidir leis sin.

Ní mór don ORCN teacht chun cinn freisin chun ceanglais nua rialála agus dea-chleachtas a chomhlíonadh maidir le cianobair agus gníomh um athrú aeráide a chinnfidh an Rialtas i dtréimhse na straitéise seo.

Tá réimse iomlán na straitéisí a úsáidfidh an ORCN chun tacú le gach ceann dár gcúig sprioc straitéiseacha in 2022 go 2024 leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo. Bainfear úsáid as gach straitéis ar bhealach ina gcuirfear san áireamh an timpeallacht reatha ina bhfuil maoirseacht rialála ar an gCrannchur Náisiúnta á soláthar. Leagtar béim ar na cúig straitéis a ndírítear orthu go sonrach ar an timpeallacht tráchtála, shóisialta agus rialála sa tréimhse trí bliana amach romhainn.

Tacófar leis an Ráiteas Straitéise seo trí phleananna mionsonraithe bliantúla gnó thar an tréimhse trí bliana. Cuideoidh sé linn leas a bhaint as an dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo agus feabhas leanúnach a chur ar an dóigh a gcuirimid ár bhfeidhmeanna reachtúla i gcrích laistigh den chomhthéacs atá ag athrú de shíor. Tagann sé freisin lenár dtiomantas do shraith luachanna a threoraíonn muid i ngach rud a dhéanaimid.

Mar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, is mór an onóir dom a bheith ag obair go dlúth le foireann thiomnaithe a roinneann mo thiomantas lena chinntiú go reáchtálfar an Crannchur Náisiúnta ar na caighdeáin is airde, go ndéanfar leasanna na rannpháirtithe a chosaint i gcónaí, agus go ndéanfar todhchaí an Chrannchuir Náisiúnta agus an tacaíocht a thugann sé do chúiseanna maithe ar fud na tíre a ráthú.

Carol Boate

______________________

**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

# 1. Réamhrá

Is é seo an Ráiteas Straitéise d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don tréimhse 2022 – 2024. Leagtar amach inti fís, misean, luachanna, agus ról an Rialálaí agus na straitéisí a úsáidfear chun tacú le gach ceann dá cúig sprioc straitéiseacha.

Cuireadh bonn eolais fúithi lenár n-oibleagáidí reachtúla, ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, agus ár mian ár ról mar chaomhnóirí na sócmhainne stáit tábhachtaí seo agus gach duine a ghlacann páirt i gcluichí an Chrannchuir Náisiúnta a chomhlíonadh.

Tá réimse iomlán na straitéisí a úsáidfidh an Rialálaí chun tacú le gach ceann dá cúig sprioc straitéiseacha in 2022 go 2024 leagtha amach i gcuid 3. Rinneadh iad sin a thriail agus a thástáil le seacht mbliana anuas agus fuarthas go bhfuil siad éifeachtach fiú in aghaidh an chur isteach gan fasach a tharla le paindéim Covid-19.  Cuirfear gach straitéis i bhfeidhm agus aird á tabhairt ar an timpeallacht atá i réim.

Leagtar béim ar na cúig straitéis a ndírítear iad go sonrach ar an timpeallacht tráchtála, shóisialta agus rialála sa tréimhse trí bliana amach romhainn thíos.

| | Straitéis Sprice | Toradh | Cuspóir Straitéiseach Gaolmhar |
|---|---|---|---|
| A | Dearbhú saineolaithe neamhspleácha a fháil maidir le gnéithe de chórais agus de rialuithe an Oibreora a bhaineann le slándáil sonraí aitheantais imreoirí agus buaiteoirí | Tá slándáil chuí ag Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta maidir le sonraí aitheantais imreoirí | Reáchtáiltear an Crannchur Náisiúnta de réir gach cuibheas cuí |
| B | Na cleachtais chearrbhachais fhreagracha atá i bhfeidhm a chódú chun imirt fhadhbach a chosc agus chun réimsí a bhfuil feabhas de dhíth orthu a shainaithint. | Éifeachtúlacht fheabhsaithe i gcleachtais chearrbhachais fhreagracha Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta chun imirt fhadhbach a chosc. | Cosnaítear leasanna na rannpháirtithe |
| C | Cleachtadh rúnsiopa faoi aois a dhéanamh chun an dul chun cinn atá déanta maidir le cosc a chur ar dhíolacháin le mionaoisigh a mheas, i gcomparáid leis an mbonnlíne a bunaíodh sa bhliain 2018; déan aon bheart is gá. | Tá bearta éifeachtacha i bhfeidhm ag Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta chun cosc a chur ar mhionaoisigh ticéid a cheannach i miondíol. | Cosnaítear leasanna na rannpháirtithe |
| D | Eolas níos inrochtana a sholáthar don phobal faoin dóigh a ndéantar an Crannchur Náisiúnta a rialú agus faoin dóigh a ndéantar torthaí le haghaidh Cúiseanna Fónta a ríomh agus a aistriú chuig an Státchiste. | Trédhearcacht agus tuiscint níos fearr ar an gCrannchur Náisiúnta. | Cosnaítear inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Chrannchuir Náisiúnta agus déantar Cistí le haghaidh cúiseanna fónta a uasmhéadú |
| E | Obair hibrideach nua a thabhairt isteach ar bhealach a thacaíonn le feidhmíocht éifeachtach agus a chomhlíonann spriocanna nua maidir leis an gcianobair agus leis an athrú aeráide. | ORCN ardfheidhmíochta a chomhlíonann ceanglais nua rialachais. | Baineann Rialachas na hOifige dea-chleachtas agus luach ar airgead amach |

## Iompar Tomhaltóirí

Tá tomhaltóirí ag bogadh níos mó agus níos mó i dtreo táirgí agus seirbhísí ar líne agus tá dlús curtha leis an treocht sin mar gheall ar an bpaindéim. Cé go leantar le ticéid an Chrannchuir Náisiúnta a imirt go príomha sa suíomh miondíola, tá an cainéal digiteach ag fás, agus is dócha go nglacfaidh imreoirí níos óige páirt ann ar líne. Tá patrúin siopadóireachta miondíola sna siopaí ag athrú chomh maith.  Tá fonn na siopadóirí le haghaidh áisiúlachta agus luais aistrithe chuig próisis féinseirbhíse agus uathoibrithe agus ar shiúl ó scipéid faoi fhoireann. Tá níos mó tóra ag teacht ar mhodhanna íocaíochta digití agus ar chomhéadain dhigiteacha. Mar aon leis na treochtaí sin tháinig laghdú ar airgead tirim, seiceanna, agus próisis páipéarbhunaithe, agus tháinig éilimh tomhaltóirí agus ceanglais dhlíthiúla maidir le slándáil láidir ar shonraí pearsanta agus aitheantas a bhunú leo freisin.

## Forbairt na Teicneolaíochta

Mar gheall ar fhorbairt na teicneolaíochta, tá crua-earraí crannchuir ar leibhéal an tsiopa níos lú, níos saoire, agus is féidir leo brath ar chumarsáid shoghluaiste agus gan sreang. D'éascaigh sé sin luas nuálaíochta níos mó i ndearadh táirgí crannchuir, go háirithe cluichí buachana ar an toirt ar líne. Tá táirgí gealltóireachta tras-dlínse forbartha ag cuideachtaí ceadúnaithe cearrbhachais ar líne a thairgeann go meaitseálfaidh siad duais phota óir tharraingtí Chrannchur Náisiúnta na hÉireann. Ní thuigeann tomhaltóirí i gcónaí nach ionann na táirgí sin agus ticéad Crannchuir Náisiúnta a cheannach: Coinnítear táirgí an Chrannchuir Náisiúnta de réir dianchaighdeáin rialála agus ní mór 65% de na torthaí a chur chuig an Stát chun tacú le Cúiseanna Maithe.

## Comhthéacs Sóisialta

De bharr imní mhéadaithe an phobail faoin dochar a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chearrbhachas, tá gá níos láidre ann lena dhearbhú go bhfuil cluichí an Chrannchuir Náisiúnta sábháilte, cothrom agus rialáilte go láidir.   Ag an am céanna, caithfidh an Crannchur Náisiúnta a bheith ábhartha agus suimiúil do dhaoine fásta a rugadh i ndiaidh a sheolta sa bhliain 1987 nó laghdóidh luach agus tairbhí fadtéarmacha na sócmhainne Stáit sin le himeacht ama. Is cosúil nach bhfuil mórán tuisceana ag an bpobal ar *conas* a rialaítear an Crannchur Náisiúnta agus tá fonn an phobail dearbhú a fháil go ndéantar torthaí i leith Cúiseanna Maithe a ríomh, a aistriú chuig an Státchiste agus a dháileadh i gceart.

## Comhthéacs Rialála

Tá sé tuartha go mbunófar Údarás Rialála Cearrbhachais i dtréimhse an Ráitis Straitéise seo chun an earnáil chearrbhachais i gcoitinne a rialú. Cuirfidh sé sin béim chomparáideach ar an dóigh a ndíoltar agus a rialaítear táirgí an Chrannchuir Náisiúnta.

Amhail go leor eagraíochtaí, tá an dúshlán roimh an ORCN oibriú hibrideach a thabhairt isteach agus a bhainistiú. Ní mór é sin a dhéanamh i gcomhréir le rialacha agus spriocanna na hearnála poiblí. Ceanglófar ar chomhlachtaí poiblí freisin a bpáirt a dhéanamh chun stop a chur leis an Athrú Aeráide trí spriocanna nua a bhaint amach sa tréimhse.

## Straitéisí Spriocdhírithe

| | |
|---|---|
| **Straitéis A:** | **Dearbhú saineolaithe neamhspleácha a fháil maidir le gnéithe de chórais agus de rialuithe an Oibreora a bhaineann le slándáil sonraí aitheantais imreoirí agus buaiteoirí** |
| **Toradh:** | **Tá slándáil chuí ag Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta maidir le sonraí aitheantais imreoirí** |

Is uirlis úsáideach iad athbhreithnithe saineolaithe seachtracha ar ghnéithe d'oibriú an Chrannchuir Náisiúnta thar ceann an Rialálaí chun cur leis an saineolas laistigh den ORCN agus chun dearbhú neamhspleách a fháil go bhfuil córais an Oibreora oiriúnach don fheidhm. Cuimseofar sa chlár oibre sa tréimhse amach romhainn athbhreithniú ar ghnéithe de chórais agus de rialuithe an Oibreora lena dhearbhú go bhfuil slándáil láidir i bhfeidhm ag an gCrannchur Náisiúnta maidir le sonraí aitheantais imreoirí, go háirithe sa chainéal ar líne atá ag dul i méid.

| | |
|---|---|
| **Straitéis B:** | **Na cleachtais chearrbhachais fhreagracha atá i bhfeidhm a chódú chun imirt fhadhbach a chosc agus chun réimsí a bhfuil feabhas de dhíth orthu a shainaithint.** |
| **Toradh:** | **Éifeachtúlacht fheabhsaithe i gcleachtais chearrbhachais fhreagracha Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta chun imirt fhadhbach a chosc.** |

Teastaíonn roinnt beart sonrach chun imirt fhadhbach a chosc faoin Acht agus faoin gCeadúnas, mar shampla: tá díolacháin teoranta do na huaireanta 7am go 11pm; caithfidh ceannaitheoirí a bheith os cionn 18 mbliana d'aois; cuirtear teorainneacha caiteachais laethúla, seachtainiúla agus míosúla i bhfeidhm ar dhaoine aonair a bhíonn ag imirt ar líne. Ina theannta sin, cuirtear ceangal leis an gCeadúnas ar an Oibreoir an Crannchur Náisiúnta a oibriú de réir "*cleachtais chearrbhachais fhreagracha lena gcuirfear cosc ar imirt fhadhbach*".

Óna bhunú, tá an t-Oibreoir fostaithe ag an ORCN maidir leis na cleachtais chearrbhachais fhreagracha a theastaíonn agus conas iad a dhéanamh chomh éifeachtach agus is féidir. Mar thoradh air sin, tá roinnt beart eile curtha i bhfeidhm le seacht mbliana anuas agus tá éifeachtúlacht na mbeart ag feabhsú le himeacht ama. Áirítear ar na bearta sin feachtas "Think 21" i gcúrsaí miondíola; oiliúint do ghníomhairí ionaid teagmhála chun comharthaí d'imirt fhadhbach i nglaonna agus ríomhphoist imreoirí chuig an gCrannchur Náisiúnta a aithint agus freagairt dóibh; agus úsáid a bhaint as algartam chun monatóireacht a

dhéanamh ar imirt ar líne le haghaidh comharthaí go bhféadfadh imreoir a bheith i mbaol imirt fhadhbach; gan cártaí creidmheasa a ghlacadh a thuilleadh le haghaidh íocaíocht ar líne.

Trí na cleachtais chearrbhachais fhreagracha atá i bhfeidhm cheana féin a chomhdhlúthú agus réimsí a bhfuil feabhas de dhíth orthu a shainaithint, i ndoiciméad beo, déanfar cleachtas reatha agus cleachtais nua nó cleachtais níos fearr a chódú de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad.

| | |
|---|---|
| **Straitéis C:** | **Cleachtadh rúnsiopa faoi aois a dhéanamh chun an dul chun cinn atá déanta maidir le cosc a chur ar dhíolacháin le mionaoisigh a mheas, i gcomparáid leis an mbonnlíne a bunaíodh sa bhliain 2018; déan aon bheart is gá.** |
| **Toradh:** | **Tá bearta éifeachtacha i bhfeidhm ag Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta chun cosc a chur ar mhionaoisigh ticéid a cheannach i miondíol.** |

Sa bhliain 2018, choimisiúnaigh an Rialálaí an chéad taighde ceannaigh tástála riamh chun bearta bonnlíne a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras atá i bhfeidhm chun ceannach táirgí miondíola an Chrannchuir Náisiúnta ag daoine faoi aois a chosc. Bhí na torthaí ina n-údar díomá: fuarthas amach nach raibh an príomhchomhartha “Daoine os cionn 18 mbliana d’aois” ar taispeáint ach i 73% de na háitribh mhiondíola a tástáladh agus nár cheistigh ball foirne na ceannaitheoirí sa tástáil ar dhaoine faoi aois (i.e. a n-aois agus/nó a n-aitheantas a iarraidh) ach i 63% de na hiarrachtaí ceannaigh.

I ndiaidh fhoilsiú thuarascáil Rúnsiopa an ORCN, chuir an t-Oibreoir tús le plean cumarsáide miondíola ag meabhrú an ceanglas ‘Os cionn 18 mbliana d’aois’ do mhiondíoltóirí agus do chustaiméirí. Chuir sé tús lena feachtais rúnsiopa féin agus feachtas “Think 21”.

Is toisc riosca aitheanta é ceannach aon táirge cearrbhachais faoi aois maidir le fadhb an chearrbhachais a fhorbairt. Déanfaidh an Rialálaí an cleachtadh ceannaigh tástála a rinneadh sa bhliain 2018 a choimisiúnú arís laistigh de thréimhse an Ráitis Straitéise seo chun measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil feabhas leordhóthanach tagtha ar chomhlíonadh miondíoltóra maidir leis na bearta tábhachtacha sin chun mionaoisigh a chosaint mar gheall ar ghníomhaíochtaí an Oibreora.

| | |
|---|---|
| **Straitéis D:** | **Faisnéis níos inrochtana a sholáthar don phobal faoin dóigh a ndéantar an Crannchur Náisiúnta a rialú agus faoin dóigh a ndéantar torthaí i leith Cúiseanna Maithe a ríomh agus a aistriú chuig an Státchiste.** |
| **Toradh:** | **Trédhearcacht agus tuiscint níos fearr ar an gCrannchur Náisiúnta.** |

Agus an Rialálaí ag ullmhú do thréimhse na Straitéise seo, lorg sí tuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir leis an dóigh a gcuireann an Rialálaí ról agus obair na hOifige in iúl. Ba iad na torthaí, cé go bhféadfadh faisnéis a bheith ar fáil i dtuarascálacha bliantúla agus i bhfoilseacháin eile ar rnl.ie, is mian le páirtithe

leasmhara níos mó faisnéise a fheiceáil atá níos éasca teacht uirthi agus atá i bhformáidí atá éasca a thuiscint. Réimsí spéise ar leith ba ea an dóigh a ríomhtar na torthaí i leith Cúiseanna Maithe faoin gCeadúnas agus an dóigh a n-aistrítear chuig an Státchiste iad; conas a chosnaíonn an Crannchur Náisiúnta imreoirí atá i mbaol cearrbhachas fadhbach; cén dearbhú atá ar fáil don Rialálaí go bhfuil an Crannchur Náisiúnta á reáchtáil i gceart.

Le linn thréimhse trí bliana an Ráitis Straitéise seo, seolfar suíomh gréasáin nua agus cumarsáidí nua chun tuilleadh faisnéise a sholáthar faoin dóigh a ndéantar an Crannchur Náisiúnta a rialáil i bhfoirm níos inrochtana.

| | |
|---|---|
| **Straitéis E:** | **Obair hibrideach nua a thabhairt isteach ar bhealach a thacaíonn le feidhmíocht éifeachtach agus a chomhlíonann spriocanna nua maidir leis an gcianobair agus leis an athrú aeráide.** |
| **Toradh:** | **ORCN ardfheidhmíochta a chomhlíonann ceanglais nua rialachais.** |

Beidh tréimhse an Ráitis Straitéise seo i gcomhthráth le ceanglais nua ar eagraíochtaí na hearnála poiblí maidir leis an gcianobair agus leis an athrú aeráide agus le deireadh a chur leis an léas i dtaca le háitribh reatha na hOifige. Oibreoidh an Rialálaí chun samhail oibre hibrideach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thacóidh le feidhmíocht éifeachtach na hOifige. Tacóidh an t-áitreabh oifige nua leis an tsamhail oibre hibrideach optamach agus le hastaíochtaí carbóin níos ísle.

## 2. Maidir le hOifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

Is oifig reachtúil neamhspleách í oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a bunaíodh sa bhliain 2014 faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013, agus tugtar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar shealbhóir na hoifige.

### Fís

Léirítear le fís an Rialálaí na cuspóirí reachtúla a thug an t-Oireachtas di:


***"Crannchur Náisiúnta atá sábháilte, inbhuanaithe, a reáchtáiltear i gceart agus a uasmhéadaíonn cistí ar mhaithe le cúiseanna maithe"***

### Misean

1. **Maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an Chrannchuir Náisiúnta agus comhlíonadh a fhorfheidhmiú de réir mar is gá**
2. **Tograí ón Oibreoir a bhreithniú agus iad a fhaomhadh de réir mar is cuí**
3. **Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú**
4. **Cearta forfheidhmithe trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a fheidhmiú**

### Luachanna

Gníomhaíonn baill foirne Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (ORCN) mar chaomhnóirí ar an sócmhainn thábhachtach Stáit seo agus tá feidhm ag na luachanna sin maidir lena ghníomhaíochtaí agus cuireann siad tacaí faoina chultúr:



## Ról an Rialálaí

Tá cur síos déanta san Acht ar **fheidhmeanna** an Rialálaí agus áirítear an méid seo a leanas leo:

- **Tionól an Chrannchuir Náisiúnta a fháil.**
- **Maoirseacht a dhéanamh ar oibriú an Chrannchuir Náisiúnta agus monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais.**
- **Cúrsaí áirithe a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta (lena n-áirítear scéimeanna do chluichí an Chrannchuir Náisiúnta) a bhreithniú lena gceadú.**
- **Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú.**
- **Cearta forfheidhmithe trádmhairc ar bith den Chrannchur Náisiúnta a fheidhmiú.**

Tugtar **cuspóirí** reachtúla soiléire san Acht don Rialálaí i gcomhlíonadh a f(h)eidhmeanna. Ní mór don Rialálaí na feidhmeanna seo a chur i gcrích ar an mbealach neamhspleách is dóichí a chinnteofar an méid seo a leanas:

**a) go reáchtálfar an Crannchur Náisiúnta de réir gach cuibheas cuí,**
**b) go gcosnófar leasanna rannpháirtithe an Chrannchuir Náisiúnta,**
**c) go ndéanfar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint, agus**
**faoi réir a) go c), lena chinntiú go mbeidh ioncam a leithroinnfear ar an bPríomh-Chiste le haghaidh eisíocaíochta chun na gcríoch a cheadaítear leis an Acht ("cúiseanna maithe") chomh mór agus is féidir, faoi réir théarmaí an cheadúnais.**

Tá freagracht ar **Oibreoir** an Chrannchuir Náisiúnta (Premier Lotteries Ireland) as an gCrannchur Náisiúnta a oibriú de réir an Achta agus théarmaí an Cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú.

## 3. Spriocanna Straitéiseacha

Tá cúig sprioc straitéiseacha socraithe ag an Rialálaí mar a leanas:

**Sprioc 1:** Go reáchtálfar an Crannchur Náisiúnta de réir gach cuibheas cuí

**Sprioc 2:** Go gcosnófar leasanna na rannpháirtithe

**Sprioc 3:** Go ndéanfar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint

**Sprioc 4:** Go n-uasmhéadófar cistí do chúiseanna maithe (faoi réir chuspóirí 2, 3 agus 4)

**Sprioc 5:** Baineann Rialachas ORCN dea-chleachtas agus luach ar airgead amach

Déanann an Rialálaí na cúig sprioc sin a mheas i ngach cinneadh a dhéanann sí, agus braitheann siad go mór ar a chéile.

Leagtar amach sa chuid seo na straitéisí as a mbainfidh an Rialálaí úsáid chun tacú le gach ceann dá cúig sprioc straitéiseacha, sa timpeallacht a bheidh i réim sa tréimhse 2022 go 2024.

## Sprioc 1: Go reáchtálfar an Crannchur Náisiúnta de réir gach cuibheas cuí

Bíonn difríochtaí mór idir na crannchuir stáit ar fud an domhain maidir lena ndearadh – idir na catagóirí táirgí agus na bealaí díolacháin a cheadaítear, agus an tsamhail ioncaim um Oibreora-Cúiseanna Maithe. Is é ról an Rialálaí a chinntiú go n-oibreofar Crannchur Náisiúnta na hÉireann de réir an Achta, an Cheadúnais, agus na gCód Cleachtais, ar cuid den chreat dlíthiúil don Chrannchur Náisiúnta le chéile iad.

### Straitéisí

Ní rachaidh an Ceadúnas reatha maidir leis an gCrannchur Náisiúnta a oibriú in éag go dtí mí na Samhna 2034. Dá bhrí sin, i dtréimhse an Ráitis Straitéise seo, is iad seo a leanas na straitéisí a úsáideann an Rialálaí chun tacú leis an sprioc sin:

| Leanúint le: | Aischuir/Torthaí Sprice |
|---|---|
| ▪ An Ciste a bhainistiú agus a rialú. | ▪ Cuntas ceart tugtha ar ioncam a bhailítear ó dhíolachán ticéad an Chrannchuir Náisiúnta agus na suimeanna a thugtar i leith duaiseanna, Cúiseanna Maithe, miondíoltóirí agus an Oibreora. |
| ▪ Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Cheadúnais agus an Achta ag an Oibreoir agus é a fhorfheidhmiú agus úsáid á baint as uirlisí éagsúla réamhghníomhacha agus freagrúla (m.sh. tuarascálacha rialta, athbhreithnithe téamacha, imscrúduithe, aiseolas ón bpobal, rochtain fíor-ama ar shonraí oibriúcháin, fógraíocht, agus faireachas ar na meáin shóisialta). | ▪ Gach gníomhaíocht mhonatóireachta a bheith tugtha chun críche, agus aon cheisteanna imní féideartha a ardú in am agus i dtráth<br>▪ Beart forfheidhmithe déanta i gcás gur aimsíodh sáruithe<br>▪ Comhlíonadh an oibreora maidir leis an Acht agus leis an gCeadúnas |
| ▪ Feasacht a choinneáil faoi thaithí rialálaithe eile, maidir le ceadúnais a dhámhachtain in Éirinn agus maidir le dearadh, dámhachtain agus forfheidhmiú ceadúnas crannchuir i dtíortha eile. | ▪ Freastal ar chruinnithe ábhartha rialálaithe crannchuir Eorpacha agus rialálaithe earnála na hÉireann.<br>▪ Go mbainfidh rialáil reatha agus ceadúnú amach anseo Chrannchur Náisiúnta na hÉireann leas as taithí tíortha eile agus córas ceadúnaithe eile in Éirinn. |
| ▪ Monatóireacht a dhéanamh ar rialachas an Oibreora trí thuarascálacha rialta agus cruinnithe ráithiúla. | ▪ Cruinnithe ráithiúla a thionól<br>▪ Baineann an t-oibreoir rialachas láidir amach |
| ▪ Monatóireacht a dhéanamh ar phríomhghníomhaíochtaí an Oibreora agus méadracht feidhmíochta ar bhonn seachtainiúil, | ▪ Méadracht athbhreithnithe, agus aon cheisteanna imní féideartha a ardú in am agus i dtráth |

| | |
|---|---|
| míosúil agus bliantúil. | ▪ Baineann an t-oibreoir spriocanna feidhmíochta amach |
| ▪ Monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe agus ar chórais an Oibreora. | ▪ Gníomhaíochtaí monatóireachta a bheith tugtha chun críche, agus aon cheisteanna imní féideartha a ardú in am agus i dtráth.<br>▪ Tá rialuithe agus córais éifeachtacha ag an oibreoir |
| ▪ Breithniú ar cháil an Chrannchuir Náisiúnta agus iarratais ar cheadú m.sh. cluichí nua á mbreithniú. | ▪ Breithnítear cáil an Chrannchuir Náisiúnta i ngach iarratas ar cheadú ón Oibreoir<br>▪ Iontaobhas bhranda an Chrannchuir Náisiúnta a choinneáil nó a mhéadú |
| ▪ Cur chuige riosca-bhunaithe a úsáid sna nithe thuas go léir. | ▪ Acmhainní ORCN á n-úsáid go héifeachtúil agus go héifeachtach sa mhéid thuas go léir |
| **Sa Tréimhse Trí Bliana seo:** | **Aischuir/Torthaí Sprice** |
| ▪ Dearbhú saineolaithe neamhspleácha a fháil maidir le gnéithe de chórais agus de rialuithe an Oibreora a bhaineann le slándáil sonraí aitheantais imreoirí | ▪ Fuarthas tuarascáil sa bhliain 2024 maidir le gnéithe de chórais agus de rialuithe an Oibreora<br>▪ Torthaí a ndearnadh beart ina leith<br>▪ Tá slándáil chuí ag Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta maidir le sonraí aitheantais imreoirí |

## Sprioc 2: Go gcosnófar leasanna na rannpháirtithe

Cosnaíonn an Rialálaí leasanna éagsúla na rannpháirtithe. Baineann siad sin go hiondúil le leasanna na rannpháirtithe mar thomhaltóirí, mar bhuaiteoirí, a chosaint, agus iad a chosaint ar an mbaol a bhaineann le himirt iomarcach nó fhadhbach. Tá feidhm ag cosc a chur le himirt fhadhbach maidir leis an bpobal imreoirí i gcoitinne ach dírítear go háirithe orthu siúd atá faoi aois (faoi bhun 18 mbliana d'aois) agus imreoirí leochaileacha (iad siúd atá leochaileach i leith imirt iomarcach nó fhadhbach).

Féachann an Rialálaí lena chinntiú go n-úsáidfidh an t-Oibreoir cleachtais chearrbhachais agus caighdeáin fógraíochta fhreagracha éifeachtacha; go mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear do rannpháirtithe trédhearcach, inrochtana, agus nach mbeidh sí míthreorach; agus go mbeidh deis réasúnta ag buaiteoirí a nduais a éileamh agus go gcoinneofar a n-anaithnideacht.
Léirítear i dtaighde idirnáisiúnta ar na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le cearrbhachas fadhbach gur mó i bhfad an seans go bhforbróidh daoine a thosaíonn cearrbhachas ag aois óg fadhb, lena n-áirítear trí chluichí crannchuir a imirt. Ar an gcúis sin, thugadh an Rialálaí tús áite i gcónaí do chosc a chur ar dhíolacháin le mionaoisigh mar chuid den sprioc straitéiseach seo. Leanfar leis an tosaíocht sin le linn trí bliana na Straitéise seo.

### Straitéisí

Dá bhrí sin, déanfaidh an Rialálaí an méid seo a leanas:

| Leanúint le: | Aischuir/Torthaí Sprice |
|---|---|
| ▪ Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh a chuid oibleagáidí ag an Oibreoir i leith rannpháirtithe sa Cheadúnas agus san Acht agus é a fhorfheidhmiú (m.sh., ábhar na bhfógraí, an luas a íoctar duaiseanna, anaithnideacht na mbuaiteoirí a chosaint). | ▪ Déanann an ball foirne sannta/na baill foirne sannta athbhreithniú ar gach tuairisc a theastaíonn ón Oibreoir laistigh den achar ama a thabharfar agus cuirtear cúrsaí forfheidhmithe féideartha ar aghaidh chuig Dlí agus Comhlíonadh lena measúnú. |
| ▪ Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chumarsáid le himreoirí (m.sh. cumarsáid mhargaíochta, gearáin). | ▪ Déanann an ball foirne sannta/na baill foirne sannta athbhreithniú ar gach gearán chuig an Oibreoir laistigh den achar ama a thabharfar agus cuirtear ceisteanna féideartha ar aghaidh chuig an Rialálaí lena mbreithniú.<br>▪ Déanann Dlí agus Comhlíonadh athbhreithniú ar gach gníomhaíocht fógraíochta agus CP agus sainaithnítear aon neamhchomhlíonadh féideartha |
| ▪ Measúnú a dhéanamh ar an bhfuil rialacha gach | ▪ Rialacha cluiche atá ar fáil go héasca agus |

| | |
|---|---|
| cluiche beartaithe agus príomhfhaisnéis chluiche ar fáil go héasca, an bhfuil sí soiléir agus iomlán. | atá soiléir agus iomlán.<br>▪ Príomhfhaisnéis chluiche atá ar fáil go héasca agus atá soiléir agus iomlán. |
| ▪ Measúnú a dhéanamh ar ghnéithe struchtúracha gach togra cluiche den Chrannchur Náisiúnta agus ar an timpeallacht imeartha. | ▪ Déantar gnéithe struchtúracha gach cluiche den Chrannchur Náisiúnta a mheas agus tagann siad faoi thairseacha riosca inghlactha |
| ▪ Taighde a dhéanamh ar próisis agus ar chleachtais lenar léiríodh éifeachtacht maidir le riosca imeartha fadhbaí a chosc nó a íoslaghdú agus iad a shainaithint. | ▪ Athbhreithníodh príomhirisí taighde chun taighde nua ábhartha a shainaithint<br>▪ Foghlaim leanúnach in ORCN |
| ▪ An Crannchur Náisiúnta a thagarmharcáil i gcoinne crannchuir stáit eile go hidirnáisiúnta trí shonraí a bhailiú. | ▪ Freastal ar chruinnithe (fíorúla) idirnáisiúnta rialálaithe a bhaineann le crannchuir níos sábháilte<br>▪ Monatóireacht nuachta tionscal ar bhonn seachtainiúil |
| ▪ Monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe agus cleachtais cosanta imreoirí an Oibreora trí thuarascálacha rialta, sonraí, agus tástáil randamach | ▪ Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ráithiúla cosanta imreoirí agus ar shonraí agus patrúin a shainaithint<br>▪ Tástálacha randamacha arna ndéanamh ar uirlisí cosanta imreora i ngníomh agus torthaí a ndearnadh beart ina leith<br>▪ Uirlisí cosanta imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta ag feidhmiú go héifeachtach |
| **Sa Tréimhse Trí Bliana seo:** | **Aischuir/Torthaí Sprice** |
| ▪ Na cleachtais chearrbhachais fhreagracha nach mór don Oibreoir a úsáid chun imirt fhadhbach a chosc agus chun réimsí a bhfuil feabhas de dhíth orthu a shainaithint. | ▪ Doiciméad comhdhlúite faoi dheireadh 2022 agus foilsithe go luath ina dhiaidh sin.<br>▪ Comhlíonadh an oibreora maidir leis an gcreat.<br>▪ Éifeachtúlacht fheabhsaithe i gcleachtais chearrbhachais fhreagracha Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta chun imirt fhadhbach a chosc. |
| ▪ Cleachtadh rúnsiopa ar dhaoine faoi aois a dhéanamh chun an dul chun cinn atá déanta maidir le cosc a chur ar dhíolacháin le mionaoisigh a | ▪ Obair allamuigh a dhéanamh sa bhliain 2023.<br>▪ Measúnú ar rath an Oibreora maidir le |

| | |
|---|---|
| mheas, i gcomparáid leis an mbonnlíne a bunaíodh sa bhliain 2018; agus déan aon bheart is gá. | díolachán le mionaoisigh a chosc agus aon ghníomh breise a theastaíonn.<br>▪ Torthaí tuarascála foilsithe.<br>▪ Tá bearta éifeachtacha i bhfeidhm ag Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta chun cosc a chur ar mhionaoisigh ticéid a cheannach i miondíol. |

## Sprioc 3: Go ndéanfar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint

Bronnadh an Ceadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú ar feadh 20 bliain ó mhí na Samhna 2014. Baineann an sprioc sin le marthain agus luach an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint thar théarma an Cheadúnais.

### Straitéisí

Chun an sprioc sin a bhaint amach, déanfaidh an Rialálaí na nithe seo a leanas:

| Leanúint le: | Aischuir/Torthaí Sprice |
|---|---|
| ▪ Tús áite a thabhairt d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach thar torthaí gearrthéarmacha i leith cúiseanna maithe, mar shampla trí mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar féideartha ar cháil an Chrannchuir Náisiúnta agus iarratais ar cheadú m.sh., cluichí nua á mbreithniú. | ▪ Inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Chrannchuir Náisiúnta arna mbreithniú i ngach cinneadh a dhéanann an Rialálaí<br>▪ Dearcadh branda an Chrannchuir Náisiúnta a choinneáil nó a fheabhsú<br>▪ Coinnítear díolacháin an Chrannchuir Náisiúnta ar leibhéil inbhuanaithe agus ní thagann meath leanúnach orthu |
| ▪ Cearta trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint trí mhonatóireacht a dhéanamh ar a n-úsáid ag an Oibreoir agus ag tríú páirtithe, agus forfheidhmiú nuair is gá. | ▪ Athbhreithniú bliantúil ag ORCN ar úsáid trádmharcanna ag an Oibreoir agus aon torthaí a ndearnadh gníomh ina leith.<br>▪ Déanann an t-oibreoir monatóireacht ar úsáid trádmharcanna ag tríú páirtí agus tarraingíonn sé aird an Rialálaí ar aon úsáid mhíchuí agus glacann sé beart forfheidhmithe nuair is gá.<br>▪ Athbhreithniú bliantúil ag ORCN ar úsáid trádmharcanna ag tríú páirtithe. Nuair a shainaithneofar úsáid mhíchuí, treoróidh an Rialálaí an t-Oibreoir chun beart forfheidhmithe a dhéanamh. |
| ▪ Measúnú a dhéanamh ar leibhéil dhíolacháin agus fheidhmíocht táirgí an Chrannchuir Náisiúnta. | ▪ Tá an ORCN ar an eolas faoi fheidhmíocht chluichí aonair an Chrannchuir Náisiúnta san am atá thart cuirtear bonn eolais faoi mheasúnú ar thograí amach anseo agus a bhfeidhmíocht agus a bhfad saoil dóchúil. |
| ▪ Monatóireacht a dhéanamh ar phleananna gnó an Oibreora. | ▪ Tionóladh cur i láthair bliantúil.<br>▪ Tá an ORCN ar an eolas faoi chomhthéacs thuairim an Oibreora faoi na dúshláin |

| | |
|---|---|
| | agus na deiseanna atá roimh an gCrannchur Náisiúnta agus tograí á measúnú. |
| ▪ Monatóireacht a dhéanamh ar thuairimí an phobail agus ar tháscairí rianaithe branda maidir leis an gCrannchur Náisiúnta. | ▪ Tá an ORNL ar an eolas faoi thuairimí an phobail i gcoitinne faoin gCrannchur Náisiúnta agus measúnú á dhéanamh ar thograí ón Oibreoir. |
| ▪ Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí teicneolaíochta trí mhonatóireacht a dhéanamh ar nuacht áitiúil agus idirnáisiúnta an tionscail agus ar imeachtaí tionscail ábhartha. | ▪ Monatóireacht nuachta tionscal ar bhonn seachtainiúil<br>▪ Freastal ar imeachtaí tionscail ábhartha<br>▪ Tá an ORCN cothrom le dáta maidir le treochtaí tionscail agus tuiscint a fháil ar na dúshláin a bhíonn roimh thionscal an chrannchuir go ginearálta. |
| **Sa Tréimhse Trí Bliana seo:** | **Aischuir/Torthaí Sprice** |
| ▪ Faisnéis níos inrochtana a sholáthar don phobal faoin dóigh a ndéantar an Crannchur Náisiúnta a rialú, go háirithe maidir lena ionracas, sábháilteacht imreoirí, agus torthaí i leith Cúiseanna Maithe. | ▪ Cuireann suíomh gréasáin nua faisnéis níos inrochtana ar fáil don phobal ar conas a rialaítear an Crannchur Náisiúnta.<br>▪ Trédhearcacht agus tuiscint níos fearr ar an gCrannchur Náisiúnta. |

## Sprioc 4: Uasmhéadaítear cistí i leith cúiseanna maithe

Tá an sprioc straitéiseach seo faoi réir na gcéad trí sprioc.

Téann torthaí ó dhíolacháin an Chrannchuir Náisiúnta i gcomhair tionscadail, saoráidí agus gníomhaíochtaí a mhaoiniú chun críocha spóirt agus caitheamh aimsire; cultúr agus oidhreacht náisiúnta, lena n-áirítear an Ghaeilge; na healaíona; sláinte an phobail; óige, leas, agus taitneamhachtaí; agus an timpeallacht nádúrtha. Má uasmhéadaítear an t-airgead a chruinnítear chun na gcríoch sin, beidh níos mó tionscadal, saoráidí agus gníomhaíochtaí ar fáil do mhuintir na hÉireann. Is rud tánaisteach i gcónaí é an sprioc sin a bhaint amach, áfach, i gcomparáid le Crannchur Náisiúnta atá sábháilte agus atá á reáchtáil i gceart a chinntiú a leanfaidh ar aghaidh san fhadtéarma. Leis an tsamhail airgeadais sa Cheadúnas dreasaítear an t-Oibreoir chun cistí i leith cúiseanna maithe a uasmhéadú.

### Straitéisí

Is iad seo a leanas na straitéisí a úsáidfidh an Rialálaí chun an sprioc sin a bhaint amach:

| Leanúint le: | Aischuir/Torthaí Sprice |
|---|---|
| ▪ An Ciste a bhainistiú agus a rialú ó chistí a fháil ón Oibreoir go dtí aistrithe chuig an Státchiste. | ▪ Tugtar cuntas ceart ar na suimeanna a thugtar i leith Cúiseanna Maithe. |
| ▪ Measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar thorthaí i leith Cúiseanna Maithe agus iarratais ar cheadú m.sh. cluichí nua á mbreithniú. | ▪ Measúnú déanta ar thionchar ar thorthaí i leith Cúiseanna Maithe i ngach cinneadh arna dhéanamh ag an Rialálaí |
| ▪ Tús áite a thabhairt do leasanna na rannpháirtithe agus d'ionracas agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Chrannchuir Náisiúnta thar thorthaí gearrthéarmacha i leith Cúiseanna Maithe. | ▪ Ní bhreithnítear torthaí dearfacha ionchasacha a measúnaíodh i leith Cúiseanna Maithe go dtí go mbeidh an tionchar ar leasanna na rannpháirtithe agus ionracas agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Chrannchuir Náisiúnta sásúil. |
| **Sa Tréimhse Trí Bliana seo:** | **Aischuir/Torthaí Sprice** |
| ▪ Faisnéis níos inrochtana a sholáthar don phobal faoin dóigh a ndéantar torthaí an Chrannchuir Náisiúnta i leith Cúiseanna Maithe a ríomh agus a aistriú chuig an Státchiste. | ▪ Cuireann suíomh gréasáin nua faisnéis níos inrochtana ar fáil don phobal maidir le ríomh na dtorthaí i leith Cúiseanna Maithe agus ar a n-aistriú chuig an Státchiste.<br>▪ Trédhearcacht agus tuiscint níos fearr ar an gCrannchur Náisiúnta. |

## Sprioc 5: Baineann Rialachas na hOifige dea-chleachtas agus luach ar airgead amach

Is dócha go mbainfear fís agus spriocanna straitéiseacha an Rialálaí amach má dhéantar an ORCN a rialú agus a bhainistiú go maith, laistigh de chultúr a thacaíonn leis na spriocanna.

Tá sé tábhachtach go gcuirfear sásraí i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirfear an straitéis i bhfeidhm go rathúil ar bhealach tráthúil agus lena chinntiú go mbeidh an éifeacht inmhianaithe ag na bearta atá á gcur i bhfeidhm. Soláthraítear leis na sásraí sin freisin deis don lucht bainistíochta le machnamh a dhéanamh ar cad nach n-oibríonn chomh maith agus a rabhthas ag súil leis agus bearta feabhais a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a sainaithníodh. Tabharfar faoi ghníomhaíochtaí ar bhealach soláimhsithe agus tosaíochta agus déanfar tuairisciú rialta lena chinntiú go mbeimid ar an mbóthar ceart i gcónaí chun ár straitéis a chur chun feidhme.

### Straitéisí

Is iad seo a leanas na straitéisí a úsáidfidh an Rialálaí chun an Oifig a chumasú agus a chinntiú go bhfeidhmíonn sí chomh maith agus is féidir léi:

| Leanúint le: | Aischuir/Torthaí Sprice |
|---|---|
| ▪ Gach earra agus seirbhís a sholáthar don Oifig ar bhealach lena gcinnteofar go gcomhlíonfar rialacha soláthair agus luach ar airgead. | ▪ Tuarascálacha Dearfacha Bliantúla um Dhearbhú ón Iniúchóir Inmheánach seachfhoinsithe agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| ▪ Cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, mar atá feidhm aige, agus leis na himlitreacha is déanaí maidir leis an dlí fostaíochta agus an earnáil poiblí. | ▪ Tuarascálacha Dearfacha Bliantúla um Dhearbhú ón Iniúchóir Inmheánach seachfhoinsithe agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| ▪ Ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gcaighdeán ábhartha cuntasaíochta agus a chinntiú go ndéanfar iad a iniúchadh agus a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais laistigh de na hamlínte riachtanacha. | ▪ Dréachtchuntais seolta chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi dheireadh mhí Feabhra gach bliain.<br>▪ Tuarascáil Iniúchta Reachtúil Neamhcháilithe gach bliain ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>▪ Cuntais deiridh curtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais laistigh den amlíne san imlitir. |
| ▪ Feabhas leanúnach a dhéanamh trínár n-eolas gairmiúil a choinneáil cothrom le dáta agus trí nuálaíocht a bhfuil cur chuige riosca-bhunaithe mar | ▪ Freastalaíonn baill foirne ar imeachtaí forbartha gairmiúla leanúnaí a bhaineann lena ról agus/nó lena gcáilíocht ghairmiúil |

| | |
|---|---|
| bhonn faoi. | gach bliain. |
| **Sa Tréimhse Trí Bliana seo:** | **Aischuir/Torthaí Sprice** |
| ▪ Samhail oibre hibrideach chuí a chur chun feidhme don ORCN, i gcomhréir leis an treoir, agus lena chinntiú go dtacófar lena héifeachtacht le hoiliúint ábhartha, teicneolaíocht agus rannpháirtíocht ábhartha na foirne. | ▪ Tomhas tréimhsiúil ar aiseolas na foirne maidir le hoibriú hibrideach<br>▪ Coinnítear táirgiúlacht an ORCN<br>▪ ORCN ardfheidhmíochta a chomhlíonann ceanglais nua rialachais. |
| ▪ A chinntiú go sainaithneofar gach pointe maoluithe spleáchais agus go gcuirfear i bhfeidhm iad. | ▪ Pointe aonair maoluithe spleáchais a bhí fágtha curtha chun feidhme. |
| ▪ Clár folláine foirne a chur i bhfeidhm de réir threoir an rialtais. | ▪ Clár folláine foirne taifeadta agus curtha ar fáil. |
| ▪ Ról an ORCN a chur in iúl ar bhealach níos fearr. | ▪ Suíomh gréasáin nua rnl.ie<br>▪ Straitéis cumarsáide curtha chun feidhme.<br>▪ Eolas na bpáirtithe leasmhara ar ról ORCN feabhsaithe. |
| ▪ Deais nua mhéadrachta aschur agus torthaí a fhorbairt a léiríonn an dul chun cinn i dtreo ár gCuspóirí Straitéiseacha. | ▪ Deais nua mhéadrachta forbartha agus in úsáid |

# 4. Acmhainní

## Acmhainní Airgeadais

Maoinítear Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta leis an tobhach ar ioncam Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta thar 20 bliain an Cheadúnais. Tá sé sin socraithe sa Cheadúnas ag €1,500,000 in aghaidh na bliana, innéacsaithe leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí.

De bharr chineál seasta mhaoiniú na hOifige (faoi réir athruithe ar an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí amháin), glacann an Rialálaí cur chuige ilbhliantúil stuama maidir le buiséadú, lena chinntiú a mhéid is féidir, go mbeidh cistí leordhóthanacha ann chun freastal ar chostais intuartha, m.sh. costais foirne agus fuinnimh a ardaíonn agus tionscadail mhóra aonuaire taighde amach anseo, agus costais amach anseo nach féidir a thuar, m.sh. costais dhlíthiúla eisceachtúla.

Le linn thréimhse trí bliana an Ráitis Straitéise seo, déanfar acmhainní airgeadais sonracha a bhuiséadú i gcomhair:

- **doiciméad comhdhlúite maidir le cleachtais chearrbhachais fhreagracha;**
- **suíomh gréasáin nua ina soláthraítear faisnéis níos inrochtana don phobal;**
- **athbhreithniú neamhspleách saineolaí a fháil ar ghnéithe de chórais agus de rialuithe an Oibreora;**
- **cleachtadh rúnsiopa;**
- **áitreabh oifige nua a chomhlíonann na ceanglais maidir le hoibriú hibrideach éifeachtach agus a laghdóidh astaíochtaí carbóin.**

## Pearsanra agus Comhairleoirí

Foráiltear leis an Acht go bhféadfaidh an Rialálaí, le toiliú ón Aire, líon, grádú, luach saothair agus coinníollacha eile seirbhíse na foirne a bheidh le ceapadh in Oifig an Rialálaí a chinneadh agus go bhféadfaidh an Rialálaí, ó am go ham, cibé sainchomhairleoirí a fhostú a mheastar a bheith riachtanach chun cuidiú le feidhmeanna an Rialálaí a chomhlíonadh.

Tugann naoi mball foirne bhuana a bhfuil saineolas agus taithí acu ar chuntasaíocht, iniúchóireacht, dlí, síceolaíocht, taighde, rialachas, comhlíonadh, riarachán na hearnála poiblí, agus cumarsáidí cúnamh don Rialálaí i gcomhlíonadh a cuid freagrachtaí. Mar a léirítear sa chairt eagraíochta thíos, tá na hacmhainní foirne a chuirtear i bhfeidhm ar gach réimse den ORCN ceaptha lena chinntiú go mbeidh acmhainní tiomnaithe ar an leibhéal sinsearach ag gabháil le gach feidhm agus gach cuspóir de chuid an Rialálaí.

Forlíontar na hacmhainní sin le saineolaithe seachtracha agus obair thionscadail - go háirithe sna réimsí taighde, dlí, airgeadais/cuntasaíochta, TFC, agus na cumarsáide - chun léargas 360 céim ar an Oibreoir a sholáthar, agus chun na caighdeáin is airde agus cinnteoireacht eolasach a choinneáil sna réimsí is mó riosca.

# Aguisín: Cearta Daonna agus Comhionannas

Cruthaítear le hAcht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 oibleagáidí áirithe ar chomhlachtaí poiblí maidir le cearta daonna agus saincheisteanna comhionannais. Cruthaítear leis an Acht "Dualgas Earnála Poiblí" lena dtugtar aird ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhdheiseanna agus caitheamh comhionann a chur chun cinn, agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chosaint.

Le linn thréimhse an Ráitis Straitéise roimhe seo, rinneadh measúnú chun na saincheisteanna um chearta an duine agus um chomhionannais a bhfuil tionchar díreach nó indíreach ag obair an Rialálaí orthu nó a dtéann sí i gcion orthu a shainaithint.  Rinneadh athbhreithniú sa mheasúnú ar an dóigh a ndéanann an ORCN caidreamh leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus conas a oibrímid laistigh dár n-eagraíocht féin. Feidhmíonn an ORCN mar fhostóir agus déileálann sí le fiosrúcháin agus gearáin ó rannpháirtithe i gcluichí an Chrannchuir Náisiúnta agus ón bpobal agus déanann sí caidreamh le daoine aonair in Premier Lotteries Ireland (Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chomh maith le soláthraithe seirbhíse, na meáin, agus páirtithe leasmhara eile.
Fuarthas sa mheasúnú go raibh go leor beart i bhfeidhm cheana le deireadh a chur le hidirdhealú, comhdheiseanna agus caitheamh comhionann a chur chun cinn, agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chosaint.

Sainaithníodh iad seo a leanas mar ghníomhaíochtaí breise atá le déanamh i dtréimhse trí bliana na Straitéise seo:

- Foilseofar an Ráiteas Straitéise seo ar shuíomh gréasáin an ORCN;
- Gheobhaidh baill foirne, agus go háirithe iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí do thríú páirtithe, oiliúint ina leagfar amach méid an Dualgais agus struchtúir agus beartais an ORCN a bhaineann leis;
- Déanfar na baill foirne a atreorú chuig na codanna den Lámhleabhar Foirne ina bpléitear deireadh a chur le hidirdhealú, comhdheiseanna agus caitheamh comhionann a chur chun cinn, agus cosaint chearta an duine.
- Déanfar leasú ar an leathanach maidir le Poist atá ar Fáil ar an suíomh gréasáin lena shonrú gur fostóir comhdheiseanna í an Oifig, agus leanfar an t-éiteas seo agus iarrthóirí á gcur faoi agallamh agus baill foirne á n-earcú.
- Tabharfar an suíomh gréasáin cothrom le dáta chun tagairt a dhéanamh don Dualgas agus é a mhíniú agus soláthrófar rochtain éasca ar fhaisnéis ghaolmhar (m.sh., Plean Straitéiseach, Cairt Chustaiméirí, srl) agus cuimseofar ann sonraí an Oifigigh Rochtana (féach thíos);
- Déanfar an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí a leasú chun sonraí an Oifigigh Rochtana a chur san áireamh;
- Leasófar leathanach gréasáin um Nós Imeachta Gearán an tsuímh gréasáin chun tagairt a dhéanamh don Dualgas agus cuimseofar ann tairiscint cúnaimh d'aon duine a iarrfaidh é; agus
- Leasófar leathanach SF an tsuímh gréasáin chun tairiscint cúnaimh d'aon duine a iarrfaidh é a chuimsiú.

Leanann an ORCN le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a cuid polasaithe ar bhonn timthriallach ar bhealach sceidealaithe agus, ag déanamh amhlaidh, cinnteoidh sí go ndéanfar gach athbhreithniú beartais agus an gá atá le comhdheiseanna agus caitheamh comhionann a chur chun cinn á chur san áireamh, chomh maith le cearta an duine agus ball foirne agus páirtithe leasmhara a chosaint, lena chinntiú go mbeimid aireach i gcónaí faoin tionchar atá ag an eagraíocht ar a daoine agus ar na daoine a mbímid ag déanamh caidrimh leo.

## Cairt Eagraíochtúil

